Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2015**
**(OR. en)**

**8181/15**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2014/0213 (COD)**

**PECHE 142**
**CODEC 565**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| [illegible] | 5141/2/15 REV 2 PECHE 12 CODEC 25 |
| [illegible] | 11841/14 PECHE 356 CODEC 1622 - COM(2014) 457 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i Limistéar Chomhaontú CIGM (An Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir)<br>*- Dearbhú ar an téacs comhréitigh deiridh d'fhonn teacht ar chomhaontú* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an téacs comhréitigh deiridh faoin Rialachán leasaitheach maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CIGM, mar thoradh ar an dara cruinniú trípháirteach neamhfhoirmiúil an 26 Márta 2015, agus mar a tugadh chun críche é le linn cruinniú neamhfhoirmiúil teicniúil an 17 Aibreán 2015.

2014/0213 (COD)

**RIALACHÁIN *(AE) 2015/…* Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

***an***

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CIGM (An Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir )**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na ***p***arlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2]**,**

De bharr an méid seo a leanas:

[1] IO C ***12, 15.1.2015, lch. 116.***

[2] ***Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an [(IO...)] [(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus cinneadh ón gComhairle an ...***

(1) Leis an gComhaontú um bunú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir ("Comhaontú CIGM " ) soláthraítear creat iomchuí do chomhar iltaobhach chun forbairt, caomhnú, bainistiú réasúnach agus scothúsáid acmhainní beo muirí a chur chun cinn sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ar leibhéil a meastar ina leith go bhfuil siad inbhuanaithe agus go bhfuil riosca íseal ann go gclisfidh siad.

(2) Tá an tAontas, chomh maith leis an mBulgáir, leis an nGréig, leis an Spáinn, leis an bhFrainc, leis an gCróit, leis an Iodáil, leis an gCipir, le Málta, leis an Rómáin agus leis an tSlóivéin, ina bpáirtithe conarthacha i gComhaontú CIGM.

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] leagtar síos forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú ***CIGM***. Is é an gníomh reachtach iomchuí é chun na moltaí ó CIGM nach bhfuil a n-ábhar cumhdaithe go fóill faoi dhlí an Aontais a chur chun feidhme. Go deimhin, is féidir Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 a leasú chun na bearta sna moltaí ábhartha ó CIGM a chumhdach.

(4) Ina Sheisiúin Bhliantúla in 2011 agus 2012, ghlac CIGM bearta maidir le saothrú inbhuanaithe coiréil dheirg ina réimse inniúlachta atá le cur chun feidhme i ndlí an Aontais. Baineann ceann amháin de na bearta sin le feithiclí cianrialaithe faoi uisce a úsáid. Chinn CIGM nach gceadófar feithiclí cianrialaithe faoi uisce i gcriosanna faoi dhlínse náisiúnta, ***ar feithiclí iad a údaraíodh cheana*** le haghaidh breathnaithe agus taiscéalaíochta ar choiréal dearg ***ach amháin*** faoi ***choinníollacha áirithe agus ar feadh tréimhse teoranta ama, mura sonraítear a mhalairt le comhairle eolaíoch. Dá bhrí sin, níor cheart go gceadófaí feithiclí cianrialaithe faoi uisce in uiscí an Aontais níos mó tar éis an 31 Nollaig 2015, mura gcosnaítear sin le comhairle eolaíoch. I gcomhréir le Moladh CIGM/35/2011/2, ba cheart go gceadófaí úsáid feithiclí cianrialaithe faoi uisce i gcás Ballstát nach ndearna iad a údarú go fóill i gcomhar sirtheoireachta agus ar mian leo sin a dhéanamh, ar choinníoll nach mbeidh tionchar diúltach ag na torthaí eolaíocha a fhaightear i gcomhthéacs na bpleananna bainistithe ar shaothrú inbhuanaithe coiréil dheirg***.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CIGM (An Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistithe do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

***Ina theannta sin, ba cheart go n-údarófaí feithiclí cianrialaithe faoi uisce ar feadh tréimhse teoranta nach dtéann thar 2015, d'fheachtais eolaíocha turgnamhacha le haghaidh breathnaithe agus le haghaidh bhuaint araon.*** De réir birt eile a leagtar síos i moladh CIGM/36/2012/1, ní dhéanfar gabhálacha coiréil dheirg a thabhairt i dtír ach i líon teoranta calafort a bhfuil saoráidí calafoirt leordhóthanacha acu agus ní mór na liostaí de na calafoirt ainmnithe a chur chuig Rúnaíocht CIGM. Ní mór aon athruithe ar na liostaí de na calafoirt atá ainmnithe ag na Ballstáit a chur chuig an gCoimisiún Eorpach lena dtraschur chuig Rúnaíocht CIGM.

(5) Ina Sheisiúin Bhliantúla in 2011 agus 2012, ghlac CIGM moltaí CIGM/35/2011/3, CIGM/35/2011/4, CIGM/35/2011/5 ***agus*** CIGM/36/2012/2 ina leagtar síos bearta, atá le cur chun feidhme i ndlí an Aontais, maidir le laghdú gabhálacha de thaisme d'éanlaith mhara, de thurtair mhara, de rónta manaigh agus de chéiticigh le linn gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar Chomhaontú CIGM. Ar na bearta sin tá toirmeasc ar eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe le haonfhiliméad nó sreanga atá níos mó ná 0**,**5 mm, a úsáid ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh, d'fhonn gabhálacha de thaisme de chéiticigh a laghdú. Tá toirmeasc den sórt sin i Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006[4] ón gComhairle cheana, ní chumhdaíonn an Rialachán sin ach an Mheánmhuir áfach. Dá bhrí sin, ní mór é a bheith sa Rialachán seo le go mbeidh feidhm aige maidir leis an Muir Dhubh chomh maith.

(6) Ina Sheisiún Bhliantúil in 2012, ghlac CIGM moladh CIGM/36/2012/3 chomh maith ina leagtar síos bearta chun ardleibhéal cosanta ó ghníomhaíochtaí iascaireachta a áirithiú ina réimse inniúlachta do shiorcanna agus roic, go háirithe do na speicis siorca agus roic atá liostaithe mar speicis atá i mbaol nó faoi bhagairt in Iarscríbhinn II ***a ghabhann leis an*** bPrótacal maidir le ***limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch*** sa Mheánmhuir[5] a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona[6].

---

[4] ***Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).***

[5] IO L 322, 14.12.1999, lch. 3.

[6] An Coinbhinsiún ***maidir leis*** an Meánmhuir a chosaint ó thruailliú ***(Coinbhinsiún Barcelona) (IO L 240, 19.9.1977, lch. 3).***

*(6a)* De réir birt ***a áirítear sa mholadh lena ndírítear ar shiorcanna amach ón gcósta a chosaint,*** toirmeascfar gníomhaíochtaí iascaireachta le tráil laistigh de 3 mhuirmhíle ón gcósta, ar choinníoll nach mbaintear amach na hiseabait 50 méadar, nó laistigh den iseabat 50 méadar i gcás ina mbaintear amach an doimhneacht 50 méadar níos giorra don chósta. ***Féadfar maoluithe sonracha atá teoranta ó thaobh spáis a dheonú faoi choinníollacha áirithe.*** Is í an Mheánmhuir amháin, áfach, a chumhdaítear le toirmeasc mar sin ***agus leis an bhféidearthacht maoluithe*** atá i Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 cheana ***a dheonú.*** Dá bhrí sin, ***ba cheart iad a áireamh*** sa Rialachán seo le go mbeidh feidhm aige maidir leis an Muir Dhubh chomh maith.

*(6b)* Tá bearta áirithe eile sa mholadh sin a bhfuil sé mar aidhm acu siorcanna a shainaithint i gceart agus nach bhfuil cumhdaithe ag Rialachán (CE) Uimh. 1185/2003 ón ***gComhairle***[7] ná ag reachtaíocht eile an Aontais, agus is gá iad a bheith sa Rialachán seo chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine i ndlí an Aontais.

(7) Ina Sheisiúin Bhliantúla in 2013 agus 2014 ghlac CIGM moltaí CIGM/37/2013/1 agus CIGM/38/2014/1 ina leagtar síos bearta maidir le hiascaigh a shaothraíonn stoic pheiligeacha bheaga i Muir Aidriad agus nach mór a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Baineann na bearta ***sin*** le bainistiú acmhainne iascaireachta i gcás stoc peiligeach beag i bhfolimistéir gheografacha 17 agus 18 CIGM, ar bhonn na hacmhainne iascaireachta tagartha a bunaítear trí bhíthin an liosta de na soithí ***iascaireachta*** a bhí le cur chuig Rúnaíocht CIGM faoin 30 Samhain 2013, i gcomhréir le mír 22 de mholadh CIGM/37/2013/1. Áirítear ar an liosta sin gach soitheach ***iascaireachta*** atá feistithe le tráil, peaslíonta nó cineálacha eile eangacha timpeallúcháin gan chorda cruinnithe, a údaraíonn na Ballstáit ***lena mbaineann*** le stoic pheiligeacha bheaga a iascach agus atá cláraithe i gcalafoirt atá lonnaithe i bhFolimistéir Gheografacha 17 agus 18 nó atá ag feidhmiú i bhFolimistéar Geografach 17 agus/nó Folimistéar Geografach 18 nó sa dá ***Fholimistéar Geografach*** sin, cé gur i gcalafoirt atá lonnaithe i bhfolimistéir gheografacha eile atá siad cláraithe ar an dáta an 31 Deireadh Fómhair 2013.

---

7 Rialachán (CE) Uimh. 1185/2003 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le heití a bhaint de shiorcanna ar bord soithí (IO L 167, 4.7.2003, lch. 1).

Ba cheart aon athruithe lena bhféadfar difear a dhéanamh don liosta ***sin*** a chur chuig an gCoimisiún Eorpach a luaithe a dhéantar iad lena gcur ar aghaidh chuig rúnaíocht CIGM. Thairis sin, tá toirmeasc sa bheart ó CIGM ***a leagtar síos sna moltaí sin*** ar choinneáil ar bord nó ar thabhairt i dtír ar cheart a chur i bhfeidhm i ndlí ***an Aontais*** i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[8]. ***Ar mhaithe le cur chun feidhme mar is ceart, ba cheart cláir náisiúnta a fhorbairt le rialú, faireachán agus faireachas a dhéanamh, agus ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún an méid sin faoi bhráid CIGM ar bhonn bliantúil.***

***(7a)*** ***D'fhonn feabhas a chur ar bhailiú sonraí i bhfianaise faireacháin eolaíoch ar speiceas áirithe muirí a ghabhtar de thaisme i bhfearas iascaireachta, ba cheart go mbeadh oibleagáid ar mháistrí soitheach iascaireachta gabháil de thaisme na speiceas muirí lena mbaineann a thaifeadadh. Ba cheart go n-áireofaí an fhaisnéis ó na soithigh iascaireachta ar ghabháil de thaisme speiceas áirithe muirí ar na tuarascálacha náisiúnta chuig Comhairle Comhairleach Eolaíoch CIGM, agus go mbeadh sonraí ó na foinsí atá ar fáil maidir leis na heachtraí sin in éineacht leis na tuarascálacha sin.***

(8) D’fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe den Rialachán seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún ***ag féachaint d'***fhormáid agus do tharchur na sonraí maidir le coiréal dearg a shaothrú agus d'fhaisnéis a bhaineann le gabhálacha de thaisme d’ éanlaith mhara, de thurtair mhara, de rónta manaigh, de chéiticigh agus de shiorcanna agus de roic, athruithe ar liostaí de na calafoirt atá ainmnithe chun gabhálacha de choiréal dearg a thabhairt i dtír, tionchar soithí iascaireachta áirithe ar phobail céiticeach agus athruithe ar léarscáileanna agus ar liostaí de na háiteanna geografacha a thugann na láithreacha ina bhfuil uaimheanna rónta manaigh. Ba cheart na cumhachtaí ***sin*** a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

---

[8] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[9] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú chumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(9) Chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas dá oibleagáidí faoi Chomhaontú CIGM a chomhlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún ***i ndáil le*** húdaruithe le maolú ón toirmeasc ar choiréal dearg a shaothrú ag doimhneacht níos lú ná 50 m agus gan cloí leis an íos-trastomhas nach mór a bheith i mbonn coilíneachtaí coiréil dheirg. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

***(9a) D'fhonn a áirithiú go mbeidh aon mhaoluithe a ghlacfaidh an Coimisiún trí ghníomh tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh agus a bhaineann leis an mbainistiú a dhéantar ar shaothrú coiréil dheirg dea-cheaptha le go mbeidh siad oiriúnach do shaintréithe réigiúnacha, ba cheart go mbeadh an deis ag Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistithe acu sa choiréal dearg moltaí comhpháirteacha a dhéanamh d'fhonn go nglacfar gníomhartha tarmligthe mar sin. Ba cheart go leagfaí síos spriocdháta le moltaí comhpháirteacha a thíolacadh. Le linn idirthréimhse lenár dtíolacfar moltaí comhpháirteacha do ghníomh tarmligthe, ba cheart go mbeadh Ballstáit in ann, i gcomhthéacs na bpleananna náisiúnta bainistithe do choiréal dearg, maoluithe a fhorbairt nó a choimeád, mar bhearta idirthréimhseacha. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíontar le beart lena ngabhann maoluithe a dheonaigh nó a thug Ballstáit tar éis … na coinníollacha atá i Moladh 35/2011/2 ó CIGM agus i Moladh 36/2012/1 ó CIGM, ba cheart go mbeadh sé in ann a iarraidh go ndéanfaí an beart sin a leasú.***

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

**** IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.***

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 mar a leanas:

(1) Cuirtear isteach ***an t-airteagal*** seo a leanas:

*"Airteagal 15a*

**Tráil agus eangacha geolbhaigh a úsáid sa Mhuir Dhubh**

1. Cuirfear toirmeasc ar thráil a úsáid:

***(a)***laistigh de 3 mhuirmhíle ón gcósta, ar choinníoll nach mbaintear amach na hiseabait 50 méadar***;*** nó

***(b)***laistigh den iseabat 50 méadar i gcás ina mbaintear amach an doimhneacht 50 méadar níos giorra don chósta.

***1a. Ar bhonn eisceachtúil, féadfaidh Ballstát a soithigh iascaireachta a údarú dul i mbun iascaireachta sa chrios dá dtagraítear i mír 1 trí mhaoluithe a dheonú i gcomhréir le Moladh 36/2012/3 ó CIGM, ar an gcoinníoll go gcuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas mar is cuí faoi aon mhaolú mar sin.***

***1b. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíontar, le maolú a deonaíodh i gcomhréir le mír 1a, an choinníoll a leagtar amach sa mhír sin, féadfaidh sé, faoi réir na gcúiseanna ábhartha agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, iarraidh ar an mBallstát an maolú a leasú.***

*1c.* ***Cuirfidh an Coimisiún Rúnaí Feidhmiúcháin CIGM ar an eolas faoi na maoluithe a deonaíodh i gcomhréir le mír 1a.***

2. Ón 1 Eanáir 2015, ní bheidh trastomhas níos mó ná 0.5 mm ag aonfhiliméad ná ag sreanga d'eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe."***;***

(2) i dTeideal II, cuirtear na ***caibidil*** a leanas leis:

**"Caibidil IV**

***COIRÉAL DEARG A CHAOMHNÚ AGUS A SHAOTHRÚ GO HINBHUANAITHE***

*Airteagal 16a*

**Raon feidhme**

Beidh feidhm ag an gCaibidil ***seo*** gan dochar d'Airteagal 4(2) ná d'Airteagal 8(1), (e) agus (g) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ná d'aon bhearta níos déine a eascraíonn ó Threoir 92/43/CEE* ón gComhairle.

*Airteagal 16b*

**Íosdoimhneacht saothraithe**

1. Toirmeascfar coiréal dearg a shaothrú ag doimhneacht atá níos lú ná 50 m ***go dtí go léireoidh CIGM a mhalairt***.

2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 ***den Rialachán seo agus le hAirteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***** chun maoluithe ar mhír 1 a ghlacadh.

***3.*** ***Beidh an méid a leanas i gceangal le moltaí comhpháirteacha a thíolacfar de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i bhfianaise*** maolú dá dtagraítear i mír 2 ***den Airteagal seo:***

***(a)faisnéis mhionsonraithe maidir leis an gcreat náisiúnta bainistithe;***

***(b)*** na réasúnuithe eolaíocha ***nó*** teicniúla;

(c) liosta de na soithí iascaireachta nó ***líon na n-údaruithe le coiréal dearg a shaothrú*** ag doimhneacht atá níos lú ná 50 m***;*** agus

***(d)*** liosta de na criosanna iascaireachta ina bhfuil an ghníomhaíocht sin údaraithe, arna sainaithint le comhordanáidí geografacha ar talamh agus ar muir araon.

***Aon mholadh comhpháirteach ó Bhallstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tíolacfar é faoin …***[+]

***4.*** Féadfar na maoluithe dá dtagraítear i mír 2 ***den Airteagal seo*** a dheonú má chomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

(a) go bhfuil creat bainistithe náisiúnta iomchuí i bhfeidhm, lena n-áirítear scéim údaraithe iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009*****; agus***

***(b)*** go n-áirithítear trí dhúnadh spásúil/ama iomchuí nach ndéantar ach líon teoranta coilíneachtaí coiréil dheirg a shaothrú.

***+ IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: trí bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.***

*4a. D'ainneoin mhíreanna 2 go 4 agus mar bheart idirthréimhseach, féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun moladh CIGM/35/2011/2 a chur chun feidhme, ar na coinníollacha seo leanas:*

*(a) gur cuid de chreat bainistithe náisiúnta iomchuí iad na bearta sin; agus*

*(b) go gcuireann an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas go cuí faoi ghlacadh na mbeart sin.*

*Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann nach mbeidh feidhm ag aon mhaoluithe tráth nach déanaí ná an dáta a gcuirfear i bhfeidhm an gníomh tarmligthe ábhartha a glacadh i gcomhréir le mír 2.*

*4b.. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, ar bhonn na bhfógraí arna gcur ar fáil ag na Ballstáit i gcomhréir le pointe (b) de mhír 4a, go bhfuil beart náisiúnta ann a ghlactar tar éis...[++]nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach i mír 4, féadfaidh sé, faoi réir cúiseanna ábhartha a thabhairt agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, iarraidh air an beart sin a leasú.*

*5.*

6. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin Iascaigh Ghinearálta don Mheánmhuir (CIGM) ar an eolas faoi ***na bearta a ghlacfar de bhun mhír 2 agus 4a.***

++ ***IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.***

*Airteagal 16c*

**An t-íos-trastomhas i mboinn coilíneachtaí**

1. Coiréal dearg a bhfuil trastomhas níos lú ná 7 mm ann ag an stoc, é sin arna thomhas laistigh d'aon cheintiméadar amháin de bhonn na coilíneachta, ní dhéanfar é a shaothrú, a choinneáil ar bord, a athlastáil, a thabhairt i dtír, a aistriú, a stóráil, a dhíol ná a thaispeáint ná a chur ar díol mar amhtháirge.

2. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 ***den Rialachán seo agus Airteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh 1380/2013***, de mhaolú ar mhír 1, chun uasteorainn lamháltais 10% de réir beomheáchain a údarú i gcás coilíneachtaí coiréil dheirg atá róbheag ( < 7 mm).

***3.*** Na ***moltaí comhpháirteacha a thíolacfar de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i bhfianaise*** maolaithe ***dá dtagraítear i*** mír 2 ***den Airteagal seo, beidh i gceangal leo*** na réasúnuithe eolaíocha ***nó*** teicniúla maidir leis an maolú sin.

***Aon mholadh comhpháirteach ó Bhallstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tíolacfar é faoin …***[+++]

***4.*** ***Deonófar*** na maoluithe dá dtagraítear i mír 2 ***den Airteagal seo*** i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

(a) go bhfuil creat bainistíochta náisiúnta i bhfeidhm, lena n-áirítear scéim údaraithe iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(b) go bhfuil cláir shonracha faireacháin agus rialaithe i bhfeidhm.

+++ ***IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: trí bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.***

***4a.*** ***D'ainneoin mhíreanna 2 go 4 agus mar bheart idirthréimhseach, féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun moladh CIGM/36/2012/1 a chur chun feidhme, ar na coinníollacha seo leanas:***

***(a) gur cuid de chreat bainistithe náisiúnta iomchuí iad na bearta sin; agus***

***(b) go gcuireann an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas go cuí faoi ghlacadh na mbeart sin.***

***Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann nach mbeidh feidhm ag aon mhaoluithe tráth nach déanaí ná an dáta a gcuirfear i bhfeidhm an gníomh tarmligthe ábhartha a glacadh i gcomhréir le mír 2.***

***4b.*** ***I gcás ina measfaidh an Coimisiún, ar bhonn na bhfógraí arna gcur ar fáil ag na Ballstáit i gcomhréir le pointe (b) de mhír 4a, go bhfuil beart ann a ghlactar tar éis...nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 4, féadfaidh sé, faoi réir cúiseanna ábhartha a thabhairt agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, iarraidh air an beart sin a leasú.***

***5.***

***6.*** Cuirfidh an Coimisiún Rúnaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin Iascaigh Ghinearálta don Mheánmhuir (CIGM) ar an eolas faoi ***na bearta a ghlacfar de bhun mhír 2 agus 4a.***

++++ ***IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo bhfeidhm.***

*Airteagal 16d*

**Fearas agus feistí**

1. Chun coiréal dearg a shaothrú, ní cheadófar mar fhearas ach casúr a úsáideann iascairí sa ***scúbathumadóireacht***, arb iascairí iad ***atá aitheanta nó údaraithe ag an údarás inniúil náisiúnta.***

2. Toirmeascfar Feithiclí Cianrialaithe faoi Uisce (***ROV***anna) a úsáid chun coiréal dearg a shaothrú.

***3. De mhaolú ar mhír 2, ceadófar fós ROVanna a úsáid i gcás ina raibh siad údaraithe ag Ballstát roimh an 30 Meán Fómhair 2011 chun críche breathnadóireachta agus taiscéalaíochta i limistéir atá faoi dhlínse an Bhallstáit sin ar choinníoll nach bhféadfar na ROVanna sin lena mbaineann a fheistiú le géaga láimhsitheora nó aon fheiste eile lena bhféadfar coiréal dearg a ghearradh agus a shaothrú.***

***Éagfaidh nó tarraingeofar siar údaruithe den sórt sin faoin 31 Nollaig 2015, ach amháin i gcás go bhfuair an Ballstát lena mbaineann torthaí eolaíocha a thaispeánann nach mbeadh aon tionchar diúltach ag ROVanna maidir le coiréal dearg a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe dá mbeadh siad in úsáid tar éis 2015.***

***4. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh Ballstát úsáid ROVanna gan géaga láimhsitheora a údarú chun críche breathnadóireachta agus taiscéalaíochta i limistéir atá faoi dhlínse an Bhallstáit sin, ar choinníoll go mbeidh torthaí eolaíocha faighte aige i gcomhthéacs creat bainistíochta náisiúnta ina léireofar nach bhfuil aon tionchar diúltach maidir le coiréal dearg a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe.***

***Éagfaidh nó tarraingeofar siar údaruithe den sórt sin faoin 31 Nollaig 2015, ach amháin i gcás go ndéanfaidh CIGM na torthaí eolaíocha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhailíochtú.***

5. ***De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh Ballstát a údarú, le linn tréimhse theoranta ama nach mairfidh thar an 31 Nollaig 2015, go n-úsáidfear ROVanna chun feachtais eolaíocha turgnamhacha ar mhaithe le breathnadóireacht agus buaint araon, ar choinníoll go ndéanfar na feachtais faoi mhaoirsiú náisiúnta institiúid taighde nó i gcomhoibriú le comhlachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta inniúla eolaíocha mar aon le haon gheallsealbhóir ábhartha eile.***

**Caibidil V**

***TIONCHAR GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA AR SPEICIS MHARA ÁIRITHE A LAGHDÚ***

*Airteagal 16e*

**Raon feidhme**

Beidh feidhm ag an gCaibidil ***seo*** gan dochar d 'aon bhearta níos déine a eascraíonn as Treoir 92/43/CEE nó as Treoir 2009/147/CE ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****** agus do Rialachán (CE) Uimh. 1185/2003 ón gComhairle****.

*Airteagal 16f*

**Gabhálacha de thaisme d'éanlaithe mara i bhfearais iascaireachta**

***1.*** Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta éanlaithe mara a gabhadh de thaisme i bhfearas iascaireachta a scaoileadh saor go grod.

***1a. Ní thabharfar éanlaithe mara i dtír ar shoithí iascaireachta ach amháin laistigh de chreat na bpleananna náisiúnta i dtaca le héanlaithe mara a chaomhnú nó chun cúnamh a fháil le haghaidh gnóthú éanlaithe mara aonair atá gortaithe agus ar choinníoll gur cuireadh na húdaráis inniúla náisiúnta ar an eolas go cuí agus go hoifigiúil, roimh don soitheach iascaireachta lena mbaineann filleadh ar an gcalafort, go bhfuil sé beartaithe na héanlaithe mara sin a thabhairt i dtír.***

*Airteagal 16g*

**Gabháil de thaisme de thurtair mhara in iascach**

1. ***Eiseamail de thurtair mhara a dhéantar a ghabháil de thaisme i bhfearais iascaireachta, déanfar iad a láimhseáil go sábháilte agus cuirfear ar ais iad, gan ghortú agus iad fós beo, a mhéid is féidir.***

2. Ní thabharfaidh máistrí soithí iascaireachta turtair mhara i dtír, ach amháin mar chuid de chlár tarrthála sonrach nó de chlár ***caomhnaithe náisiúnta nó mura rud é go gceanglaítear é sin ar chúis eile d'fhonn turtair mhara aonair atá gortaithe nó gan aithne a tharrtháil agus chun cúnamh a fháil chun iad a théarnamh*** agus ar choinníoll gur cuireadh na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann ar an eolas go cuí agus go hoifigiúil roimh fhilleadh ar an gcalafort.

3. ***A mhéid a bheidh sé indéanta, soithí iascaireachta*** a úsáideann peaslíonta le haghaidh speiceas peiligeach beag nó eangacha timpeallúcháin gan corda cruinnithe le haghaidh speiceas peiligeach, ***seachnóidh siad*** turtair mhara ***a thimpeallú***.

4. Beidh trealamh láimhseála, fuascailte agus scaoilte saor atá sábháilte ar bord ***soithí iascaireachta*** a úsáideann spiléir agus eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe chun a áirithiú go ndéanfar turtair mhara a láimhseáil agus a scaoileadh saor ar bhealach a mhéadóidh, a mhéid is féidir, an dóchúlacht go dtiocfaidh siad slán.

*Airteagal 16h*

**Gabháil de thaisme de rónta manaigh (Monachus monachus)**

1. Ní dhéanfaidh máistrí soithí iascaireachta rónta manaigh a thabhairt ar bord, a athlastáil ná a thabhairt i dtír, murar gá sin chun ainmhithe aonair gortaithe a tharrtháil agus chun cúnamh a fháil chun iad a leigheas agus ar choinníoll gur cuireadh na húdaráis náisiúnta inniúla ar an eolas go hoifigiúil roimh fhilleadh ar an gcalafort.

2. ***Eiseamail de rónta manaigh a gabhadh de thaisme*** i bhfearais iascaireachta, déanfar iad ***a scaoileadh saor*** gan ghortú agus iad fós beo. Tabharfar conablaigh ainmhithe marbha i dtír agus déanfaidh na húdaráis ***inniúla*** náisiúnta iad a ghabháil, ***a cheapadh le haghaidh staidéir eolaíocha nó*** a scriosadh.

*Airteagal 16i*

**Gabháil de thaisme de chéiticigh**

Déanfaidh soithí ***iascaireachta*** a chur ar ais san fharraige gan mhoill, ***gan ghortú agus iad fós beo, a mhéid is atá indéanta***, céiticigh a gabhadh de thaisme i bhfearais iascaireachta ***agus a tógadh taobh leis an soitheach iascaireachta***.

*Airteagal 16j*

**Siorcanna agus roic atá faoi chosaint**

1. Ní dhéanfar speicis de shiorcanna ná de roic atá ar áireamh in Iarscríbhinn II den Phrótacal maidir le ***limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch*** sa Mheánmhuir***** ***a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona******* ("Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona")*** a choinneáil ar bord, a athlastáil, a thabhairt i dtír, a aistriú, a stóráil, a dhíol ná a thaispeáint ná a chur ar díol.

2. Soithí iascaireachta atá tar éis siorcanna agus roic atá ***ar na*** speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn II den Phrótacal ***a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona***, déanfaidh siad iad a scaoileadh saor gan mhoill, gan ghortú agus iad fós beo, ***a mhéid is féidir.***

*Airteagal 16k*

**Siorcanna a shainaithint**

Beidh toirmeasc ar shiorcanna a dhícheannadh agus a fheannadh ar bord agus sula dtugtar i dtír iad. Ní fhéadfaidh siorcanna dícheannaithe agus feannta a chur ar an margadh ag na chéad mhargaí díolacháin tar éis a dtabhartha i dtír.

**Caibidil VI**

***BEARTA MAIDIR LE HIASCACH STOC PEILIGEACH BEAG I MUIR AIDRIAD***

*Airteagal 16l*

**Acmhainn iascaireachta a bhainistiú**

1. Chun críche an Airteagail seo, is í an acmhainn iascaireachta tagartha le haghaidh stoc peiligeach beag an acmhainn a leagtar síos ar bhonn na liostaí de shoithí ***iascaireachta*** na mBallstát ***lena mbaineann,*** a chuirtear chuig Rúnaíocht CIGM i gcomhréir le mír 22 de mholadh CIGM/37/2013/1. Áirítear ar an liosta sin gach soitheach ***iascaireachta*** atá feistithe le tráil, peaslíonta nó cineálacha eile eangacha timpeallúcháin gan chorda cruinnithe, arna n-údarú le stoic pheiligeacha bheaga a iascach agus atá cláraithe i gcalafoirt atá lonnaithe i bhFolimistéar Geografach 17 agus i bhFolimistéar Geografach 18, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ***a ghabhann leis an Rialachán seo***, nó atá ag feidhmiú i bhFolimistéar Geografach 17 nó i bhFolimistéar Geografach 18 cé gur i gcalafoirt atá lonnaithe i bhFolimistéir Gheografacha eile atá siad cláraithe an 31 Deireadh Fómhair 2013.

2. Déantar soithí ***iascaireachta*** atá feistithe le tráil nó peaslíonta, is cuma fad iomlán an tsoithigh, a aicmiú mar shoithí atá i mbun iascaireachta gníomhaí ar stoic pheiligeacha bheaga i gcás gur sairdíní agus ainseabhaithe 50% ar a laghad den ghabháil i mbeomheáchan.

3. Maidir le hacmhainn iomlán an chabhlaigh i dtaca le soithí iascaireachta atá feistithe le tráil nó peaslíonta atá i mbun iascaireachta gníomhaí ar stoic pheiligeacha bheaga i bhFolimistéar geografach 17, ó thaobh olltonnáiste ***nó*** olltonnáiste cláraithe agus ó thaobh cumhachta innill (kW), mar atá taifeadta i gclár cabhlaigh an AE agus sna cláir chabhlaigh náisiúnta, ní sháróidh sí ag am ar bith an acmhainn iascaireachta tagartha do stoic pheiligeacha bheaga dá dtagraítear i mír 1.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbíonn soithí ***iascaireachta*** atá feistithe le tráil nó peaslíonta le haghaidh stoc peiligeach beag mar atá sainaitheanta i mír 2 i bun iascaireachta ar feadh níos mó ná 20 lá iascaireachta in aghaidh na míosa agus nach dtéann siad thar 180 lá iascaireachta in aghaidh na bliana.

5. Ní cheadófar d'aon soitheach ***iascaireachta*** nach bhfuil ar áireamh ar an liosta de na soithí ***iascaireachta*** údaraithe dá dtagraítear i mír 1 ***den Airteagal seo*** iascaireacht a dhéanamh nó de mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní cheadófar dó aon chainníocht atá níos mó ná 20% ainseabhaithe nó sairdíní ***nó 20% ainseabhaithe agus sairdíní araon*** a choinneáil ar bord nó a thabhairt i dtír i gcás ina bhfuil an soitheach ar thuras iascaireachta i bhFolimistéar Geografach 17 nó i bhFolimistéar Geografach 18 ***nó sa dá Fholimistéar Geografacha sin.***

6. Déanfaidh na Ballstáit aon ábhar a cuireadh le liosta na soithí ***iascaireachta*** údaraithe dá dtagraítear i mír 1, nó a scriosadh uaidh ***nó*** aon athrú ar an liosta sin, a chur in iúl don Choimisiún a luaithe a tharlóidh siad. Beidh na hathruithe ***sin*** gan dochar don acmhainn iascaireachta tagartha dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaí Feidhmiúcháin CGIM.

---

* Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

** ***Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).***

*** Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 284 7/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

**** Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 147, 01.07.2013, lch. 1).

*****	Rialachán (CE) Uimh. 1185/2003 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le heití a bhaint de shiorcanna ar bord soithí (IO L 167, 4.7.2003, lch. 1).

****** ***IO L 322, 14.12.1999, lch. 3.***

******* ***An Coinbhinsiún maidir leis an Meánmhuir a chosaint ó thruailliú (Coinbhinsiún Barcelona) (IO L 240, 19.9.1977, lch. 3).".***

(3) I dTeideal III, cuirtear isteach an ***chaibidil*** seo a leanas:

**"CAIBIDIL Ia**

***OIBLEAGÁIDÍ TAIFEADTA***

*Airteagal 17a*

**Coiréal dearg a shaothrú**

Beidh logleabhar ar bord ag soithí ***iascaireachta*** atá údaraithe le coiréal dearg a shaothrú ina ndéanfar taifead ar na gabhálacha laethúla de choiréal dearg agus de ghníomhaíocht iascaireachta de réir limistéir agus doimhneachta, lena n-áirítear líon na laethanta iascaireachta agus tumadh. Cuirfear an fhaisnéis sin chuig na húdaráis inniúla náisiúnta ***faoin spriocdháta dá bhforáiltear in Airteagal 14(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.***

*Airteagal 17b*

**Gabháil de thaisme de speicis áirithe mhuirí**

1. ***Gan dochar d'Airteagal 15(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009,*** déanfaidh máistrí soithí iascaireachta an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh sa logleabhar iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán ***sin***:

(a) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor éanlaithe mara;

(b) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor turtar mara;

(c) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor rónta manaigh;

(d) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor chéiticeach;

(e) aon chás de ghabháil de thaisme agus***, más gá,*** scaoileadh saor siorcanna agus roc ***de na*** speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn III den Phrótacal ***a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona***.

***1a. Ba cheart go gcuimseofaí freisin leis na tuarascálacha náisiúnta a bheartaítear lena n-anailísiú ag an gCoiste Comhairleach Eolaíoch (CCE), i dteannta na faisnéise a tuairiscíodh sa logleabhar, na nithe a leanas:***

***(a) i ndáil le gabhálacha de thaisme de thurtair mhara, faisnéis maidir le:***

- ***cineál an fhearais iascaireachta,***
- ***amanna na dteagmhas,***
- ***fad ama san uisce,***
- ***doimhneacht agus láithreacha,***

- ***spriocspeiceas,***

- ***speicis turtar mara, agus***

- ***cé acu ar cuireadh an t-ainmhí ar ais san fharraige marbh, nó ar scaoileadh saor é ina bheatha;***

***(b)*** ***i ndáil le gabhálacha de thaisme de chéiticigh, faisnéis maidir le:***

- ***saintréithe an chineáil fearais,***

- ***amanna na dteagmhas,***

- ***láithreacha (de réir folimistéar geografach nó dronuilleog staidrimh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo), agus***

- ***cé acu is deilf nó speiceas eile céiticeach na céiticigh lena mbaineann.***

2. Faoin 31 Nollaig ***2015***, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le taifeadadh na ngabhálacha de thaisme dá dtagraítear i mír 1 ag máistrí soithí iascaireachta nach bhfuil faoi réir na ***hoibleagáide*** logleabhar iascaireachta a choinneáil de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. "**.**

(4) cuirtear isteach na ***hairteagail*** seo a leanas:

*"Airteagal 23a*

**Sonraí ábhartha a thuairisciú chuig an gCoimisiún**

1. Faoin 15 ***Nollaig*** gach bliain, cuirfidh na Ballstáit ***lena mbaineann*** an fhaisnéis a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) na sonraí maidir le coiréal dearg dá dtagraítear in Airteagal 17a; ***agus***

(b) i bhfoirm tuarascála leictreonaí, na rátaí gabhála de thaisme agus scaoilte saor d'éanlaith mhara, de thurtair mhara, de rónta manaigh, de chéiticigh agus de shiorcanna agus de roic, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha a tuairiscíodh i gcomhréir le hAirteagal 17b(1)(a), (b), (c), (d) agus (e) faoi seach.

2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar aghaidh chuig Rúnaí Feidhmiúcháin CIGM faoin ***31*** Nollaig gach bliain.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún aon athruithe ar liosta na gcalafort a ainmnítear le gabhálacha de choiréal dearg a thabhairt i dtír i gcomhréir le mír 5 de mholadh GCIM/36/2012/1.

4. ***Bunóidh na Ballstáit faireachán leordhóthanach d'fhonn*** faisnéis iontaofa a bhailiú maidir leis an tionchar ar phobail céiticeach i Muir Dhubh atá ag soithí ***iascaireachta*** a bhíonn ag díriú ar fhíogaigh ghobacha le heangacha geolbhaigh grinneallsocraithe agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin.

5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe ar na léarscáileanna agus ar na liostaí de na suímh gheografacha a thugann na láithreacha ina bhfuil uaimheanna rónta manaigh agus dá dtagraítear i mír 6 de mholadh CIGM/35/2011/5.

6. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3, i mír 4 agus i mír 5 ar aghaidh chuig Rúnaí Feidhmiúcháin CIGM gan mhoill.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ***i leith*** formáid na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, i mír 3, i mír 4 agus i mír 5, agus i leith cur ar aghaidh na faisnéise sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(2).

*Airteagal 23b*

**Rialú, faireachán agus faireachas ar iascaigh stoc peiligeach beag i Muir Aidriad**

1. ***Faoin 1 Deireadh Fómhair*** gach bliain, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún a bpleananna agus a gcláir chun comhlíonadh Airteagal 16l a áirithiú trí fhaireachán agus trí thuairisciú leordhóthanach, go háirithe maidir leis na gabhálacha míosúla agus leis an iarracht iascaireachta a rinneadh.

2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ***dá dtagraítear i*** mír 1 faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin CIGM tráth nach déanaí ná an 30 Deireadh Fómhair gach bliain."**.**

(5) Sa chéad abairt d'Airteagal 27(2) cuirtear ***an dáta*** …" in ionad ***an dáta*** "19 Eanáir 2012".

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ***tríú*** lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

---

*+++++**IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.***